



Comhaireamh Céim 3 agus 4

Is féidir le comhaireamh i gCéim 3 agus 4 a bheith úsáideach maidir le cabhrú le tuiscint na bhfoghlaimoirí ar choincheapa i ngach ceann de na ceithre oibríochtaí. Ba cheart d'fhoghlaimoirí comhaireamh ar aghaidh agus siar ó thúsphointí éagsúla agus thar na snáitheanna, m.sh., codáin, deachúlacha, céatadáin, am, airgead. Is féidir na gníomhaíochtaí seo a úsáid chun comhaireamh i snáitheanna uile an churaclaim.

Ba cheart go mbeadh na rudaí seo a leanas sna seisiúin chomhairimh:

- Rannpháirtíocht spreagúil
- Luas beoga
- Dhá nó trí ghníomhaíocht dhírith, ghearra (beidh spéis iontu má bhíonn siad éagsúil)
- Gníomhaíocht choirp
- Freagairt chórúil
- Freagairt aonair



Slat Comhairimh i gcomhair Fíorais Iolraithe

- Nuair a úsáidtear fíorais atá ar eolas ag na páistí cosúil le $x \times 10$ is cúnamh é sin chun pointí cúltaca agus spreagadh a thabhairt. Nuair a dhéantar leath den fhíoras 10 faigheann tú an fíoras $x \times 5$. Is féidir dúbailtí a úsáid freisin le haghaidh $x \times 2$ agus $x \times 4$ agus $x \times 8$, agus ansin ní bhíonn an oiread le cur de ghlanmheabhair ag foghlaimoirí toisc go mbíonn siad ag cur fíorais atá ar eolas acu i bhfeidhm ar fhíorais nach bhfuil ar eolas acu. Is féidir nótaí greamaitheacha de na fíorais iolraithe a úsáid chun tacú leis na foghlaimoirí, agus iad a bhaint de réir mar a éiríonn siad líofa i sraith fíoras faoi leith.

Slat Comhairimh do Chodáin

- Comhair i gcodáin dhifriúla, e.g., $\frac{1}{2}$, $\frac{1}{4}$, $\frac{1}{8}$
- Cuir san áireamh uimhreacha measctha agus leaschodáin, m.sh., tosaigh ag $\frac{1}{3}$ agus ansin comhair trí $\frac{2}{3}$ a chur leis. Tosaigh ag $1 \frac{1}{2}$, agus lean ort ag comhaireamh in $\frac{1}{4}$.#
- Tabhair náid ar dheireadh amháin na slaite agus tabhairt 10 ar an deireadh eile. Iarr ar fhoghlaimoirí meastachán a dhéanamh agus cúiseanna a thabhairt maidir le suíomh $2 \frac{1}{2}$, $6 \frac{1}{2}$, etc.

Comhaireamh Rithime

- Bain úsáid as gníomhartha cosúil le: bualadh bos, greadadh, cnagadh chun cantaireacht a dhéanamh ar na táblaí atá ag teacht leis an rithim. Oibríonn uirlisí ceoil, cosúil le clabhaí, go maith chun rithim a leagan síos chun comhaireamh a dhéanamh ar an mbealach seo.



Seas agus Suigh

- Seasfaidh na foghlaimeoirí agus ansin suífidh siad síos agus seicheamh iolraithe ar leith á rá acu, mar shampla, seas agus tú ag comhaireamh iolraithe de 4, ansin suí síos nuair a deir tú iolra de 10.
- Seasfaidh na foghlaimeoirí agus ansin suífidh siad agus iad ag rá an aonaid ar fad, mar shampla.

Bualadh bos agus Smeachadh

- Comhair chun tosaigh ag bualadh bos leis an am, ansin comhair siar ag baint smeacha as do mhéara leis an am.

Uimhirlíne bheo

- Tabhair cártaí móra d'fhoghlaimeoirí a bhfuil iolraí d'uimhir ar leith orthu agus iarr orthu dul i líne in ord an tseichimh. Iarrfaidh an múinteoir/ foghlaimeoir ansin ar na foghlaimeoirí eile babhtáil le daoine eile sa líne, mar shampla,
 - Babhtáil leis an duine a bhfuil 7 dúbailte aige/aici.
 - Babhtáil leis an duine a bhfuil iolraí aige/aici ar corruimhir idir 40 agus 50 é.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a chur i gcrích freisin trí úsáid a bhaint as uimhircártaí a bhfuil 3 uimhir orthu, uimhircártaí a bhfuil deachúlacha, codáin agus céatadáin orthu.

Fuaim an Chluiche Uimhreach i gcomhair Iolraithe (tugtar Canna Comhairimh air chomh maith)

- Ainmneoidh an múinteoir an seicheamh iolraithe a bhfuil sé ag díriú air e.g. x 6. Dúnfaidh na foghlaimeoirí a súile agus comhairfidh siad ina dtost in iolraithe de 6 ina gcloigne nuair a dhéantar gach ciúb a chaitheamh isteach sa channa. De réir mar a éiríonn na foghlaimeoirí níos cumasaí, is féidir leis an múinteoir tosú ag uimhreacha difriúla, e.g. 24 agus ansin comhairfidh na foghlaimeoirí ar aghaidh le haghaidh gach ciúib a chuirtear leis. Nuair a stopann an múinteoir ag cur ciúbanna leis, d'fhéadfaí ceisteanna den chineál seo a chur:
 - Má tá 66 i mo lámh, cé mhéad ciúb atá sa channa?
 - Cén t-iolra de 6 ar a bhfuilim anois?
- Is féidir é a leathnú amach ach an t-iomlán a thabhairt do na daltaí agus ansin roinnt ciúbanna a bhaint. D'fhéadfadh ceisteanna mar iad seo a leanas a bheith i gceist:
 - Má fhaighim réidh le 3 chiúb, cé mhéad atá ann ar an iomlán anois?
 - Cad é luach na gciúbanna atá i mo lámh?
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a chur i gcrích ag baint úsáid as codáin aonaid. Glaofaigh na foghlaimeoirí amach an freagra, nó taispeánfaidh siad a áit ar uimhirlíne. D'fhéadfadh ceisteanna mar iad seo a leanas a bheith i gceist:
 - Cén codán a theastaíonn uainn le haonad amháin, dhá aonad, etc., a dhéanamh?
 - Cé mhéad píosa codáin atá sa channa?

Stampáil agus Tapáil

- Aimsíonn na foghlaimeoirí spás ag breathnú ar an gclár. Déanann siad comhaireamh chun tosaigh in iolraithe d'uimhir faoi leith agus iad ag stampáil a gcos in éineacht leis an



gcomhaireamh. Stadann siad ag an bhfocal uimhreach ceart agus casann siad sa treo eile. Ansin comhairfidh siad siar ag tapáil a nguailí in éineacht leis an gcomhaireamh. (Déan seo gan sos!)

Comhair Timpeall

- Seasfaidh na foghlaimeoirí i gciorcal agus déanfaidh siad comhaireamh timpeall, gach foghlaimeoir ag rá an chéad uimhir eile sa seicheamh. Tosaigh ag comhaireamh ag 176, mar shampla, agus suífidh foghlaimeoirí a deir uimhir a chríochnaíonn le 9 sa seicheamh síos. Lean ar aghaidh mar seo go dtí nach bhfuil ach foghlaimeoir amháin ina sheasamh. Déan leaganacha difriúla den ghníomhaíocht seo trí úsáid a bhaint as seicheamh níos giorra/faide, túsphointí/críochphointí difriúla agus comhaireamh siar.
- Is féidir seo a chur i gcrích freisin trí chodáin, deachúlacha nó céatadáin a úsáid, e.g., comhair i $\frac{1}{2}$ agus suífidh an foghlaimeoir síos nuair a deirtear 2. Athraigh an ghníomhaíocht trí úsáid a bhaint as codáin nó grúpaí codán difriúla, túsphointí/críochphointí difriúla nó comhaireamh siar.

Taispeáin dom

- Taispeánfaidh an múinteoir spléach-chártaí le torthaí difriúla. Taispeánfaidh na daltaí dhá fhachtóir fhéideartha don toradh sin ag úsáid uimhir-fheananna nó clár bán aonair.

Gníomhaíocht Rópa

- Sín rópa scipeála ar an urlár. Marcáil 0 ag ceann amháin agus 1 ag an gceann eile. Seasfaidh na foghlaimeoirí ar nó in aice leis an rópa le suíomhanna codán a léiriú, e.g., $\frac{1}{2}$ nó $\frac{1}{5}$. Úsáid rópa breise chun an líne a leathnú go dtí a 2, le leaschodáin a léiriú.

Cór ag Comhaireamh¹

- Roinn an rang i 3 ghrúpa. Stiúrfaidh an múinteoir an cór le baitín. Tosóidh an múinteoir ag comhaireamh in iolraithe d'uimhir faoi leith agus ansin sínfidh sé/sí méar i dtreo grúpa éigin agus tosóidh an grúpa sin ag comhaireamh d'aon ghuth. Ansin sínfidh an múinteoir méar i dtreo grúpa eile agus leanfaidh siadsan den seicheamh.
- Úsáid codáin trí chodán ón ngrúpa céanna a thabhairt do gach grúpa, m.sh., $\frac{1}{2}$, $\frac{1}{4}$, $\frac{1}{8}$. Tosóidh an múinteoir ag comhaireamh agus ansin sínfidh sé/sí an baitín i dtreo grúpa éigin agus tosóidh an grúpa sin ag comhaireamh d'aon ghuth. Sínfidh an múinteoir an baitín i dtreo grúpa eile agus leanfar den chomhaireamh.

Sprioc-Chláir

- Nuair a bhíonn sprioc-chláir á n-úsáid, spreag foghlaimeoirí lena gcuid smaointeoireachta a roinnt agus a gcuid modhanna meabhracha a mhíniú, le léiriú dóibh gur ann do níos mó ná bealach amháin le fadhb a réiteach. D'fhéadfaí na tascanna samplacha seo a leanas a dhéanamh
 - Roimh ré/ i ndiaidh: Cén codán a thagann 'i ndiaidh' X?
 - Uimhreacha a chur in ord ón gceann is lú go dtí an ceann is mó: Cuir in ord na codáin sa dara sraith.

¹ Físeán ar fáil ag <https://youtu.be/QG17n4Glj2o>



Oide

- Meastachán: Cén colún ina bhfuil an t-iomlán is mó meas tú?
- Suimigh na codáin sa chéad sraith.
- Ainmnigh dhá chodán ag a bhfuil an t-ainmneoir céanna.
- Ainmnigh dhá chodán coibhéiseacha.
- Ainmnigh dhá/trí chodán arb ionann iad agus a haon.

Gar nó Fada

- Oibreoidh foghlaimoirí i mbeirteanna le cártaí digiteacha/ gaothráin uimhreach/ cláir bhána. Déarfaidh an múinteoir ráiteas ar nós, “Taispeáin uimhir dom atá gar do 3.00, níos lú ná 4.00, gar do 3 agus 50 céadú”. Beidh ar na foghlaimoirí ansin na huimhreacha a athrú timpeall agus a bhfreagra a thaispeáint. Pléifear ansin cé a fuair an freagra is giorra agus cén fáth.